1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

ddletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

Miontuairiscí chruinniú Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire a bhí ar siúl ar MSTeams agus ag 1 Geata Thuain, Cearnóg Belgard Thoir, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.

Cruinniú: 4:30 i.n., an 27 Feabhra 2023

**I láthair:** An Comhairleoir Brigid Manton, an Comhairleoir Cathal Boland, an Comhairleoir Charlie O'Connor, Colm Kilgallon, Brendan O'Halloran, Daneve Harris, Claire Markey, an Comhairleoir John Walsh, an Comhairleoir Yvonne Collins, an Comhairleoir Michael Clark, an Comhairleoir Pamela Kearns, Anne Genockey, Paul McNally, an Comhairleoir Kazi Ahmed, Ken Farrell.

**Leithscéalta:** Gerry Maguire, Susan Duffy, an Comhairleoir Una Power, an Comhairleoir Pamela Conroy.

**As láthair:** An Comhairleoir Siobhan Shovlin

**I láthair:** Caitríona Murphy, Príomhfheidhmeannach; Adrian Flynn, Stiúrthóir Scoileanna; Nichola Spokes, Stiúrthóir Scoileanna; Siobhan Lynch, Stiúrthóir BOO; Claire Keane, Oifigeach Gnóthaí Poiblí (Gníomhach); Treacy Byrne, Oifigeach Foirgneamh; Allen Buckley, APO Finance, Emma Maloney, Cúntóir Pearsanta don Fhoireann Ardbhainistíochta.

Doiciméid:
Arna nUaslódáil go Leictreonach

**Fáilte**
Chuir an Cathaoirleach, Claire Markey, an cruinniú i láthair agus chuir sí fáilte roimh chách.

**Comhbhrón**
Gabhadh comhbhrón le teaghlaigh uile na mball foirne ar bhásaigh duine muinteartha leo le mí anuas.

1. **Coinbhleachtaí Leasa a Chur in Iúl**
   Níor cuireadh aon choinbhleachtaí in iúl
2. **Ábhair le Réiteach ag an mBord**
   Glacadh le miontuairiscí an chruinnithe roimhe sin a bhí ar siúl ar an 16 Eanáir 2023
   **An Comhairleoir Cathal Boland a mhol iad, an Comhairleoir Kazi Ahmed a thacaigh leo.**

   **Ceapacháin Chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta**
   Ceapadh Gillian Keogh ina hionadaí pobail ar bhord bainistíochta Choláiste Pobail Choill an Rí.

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

ddletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

Faomhadh an Plean Seirbhíse. **An Comhairleoir Cathal Boland a mhol Colm Kilgallon a thacaigh leis.**

3. **Ábhair le tabhairt ar aird ag an mBord**
   Comhfhreagras ón Roinn – **Tugtha ar Aird**
   Comhfhreagras ó pháirtithe eile: **Tugtha ar Aird**
   Coistí an Bhoird – **Tugtha ar Aird**

4. **Ábhair arna gcur isteach ag an bhFeidhmeannas**

**Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh chuig an mBord Feabhra 2023**

Bail ó Dhia oraibh uile.
Maidir leis na nuashonruithe ó bhí an cruinniú deireanach ann cúpla seachtain ó shin, tosóidh an tOifigeach Foirgneamh nua i mí Aibreáin agus tá earcaíocht an Stiúrthóra Eagraíochta, Tacaíochta agus Forbartha fós ar siúl ach níl aon toradh le cur in iúl fós.
Aitheantas a thabhairt do sheachtain BOO a bheidh ar siúl an tseachtain seo agus imeachtaí á reáchtáil le linn na seachtaine. Tionólfar lá gradam i bPáirc an Chrócaigh ar an 2 Márta. Seolfar an físeán Laochra BOO, agus táimid an-bhródúil as Jack as Coláiste Pobail Setanta a roghnaíodh chun ionadaíocht a dhéanamh ar na BOOnna. Mar chuid den tseachtain ghnóthach seo, níl uaim ach a chur i gcuimhne do gach duine go mbeidh Féile Cheoil ar siúl oíche amárach – tá do chuirí faighte agaibh ar fad faoin am seo, agus mar sin tá súil agam go mbeidh cuid agaibh in ann freastal uirthi. Tá 3 bliana imithe thart ó cuireadh tús leis an imeacht, agus beimid ag léiriú ómóis do bhaill a bhunaithe ar an oíche – Paddy Scarlett agus Michael Stanley.
D'fhreastail Claire Markey agus mé féin, in éineacht leis na APOnna ó na haonaid Airgeadais agus Acmhainní Daonna, ar an gcruinniú maidir leis an gComhaontú Maoirseachta agus Seachadta Feidhmíochta leis an Roinn Oideachais ar an 2 Feabhra 2023. D'éirigh go geal leis an gcruinniú – ní dhéanfar athbhreithniú ar an gcás gnó a rinneamar le haghaidh foirne breise go dtí mí an Mhárta/mí Aibreáin.
Tabhair faoi deara go mbeidh orainn roinnt feidhmeanna forchoimeádta a fhaomhadh inniu agus ag an gcéad chruinniú eile agus tá sé tábhachtach go gcomhlíonfar na spriocdhátaí reachtúla sin. Cuirfidh Allen an Plean Seirbhíse le haghaidh 2023 i láthair inniu agus mar sin ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis agus le gach duine as a n-ionchur sa phlean, an Coiste Airgeadais san áireamh.
Is mian liom a dhearbhú don Bhord freisin go gcuirfear síneadh le Coláiste Pobail Chaisleán Cnucha le go mbeidh sé in ann freastal ar 1500 dalta, mar a chomhaontaigh BOOÁCDL i mí Feabhra 2021. Tá gach doiciméad tacaíochta curtha faoi bhráid na Roinne Oideachais agus tá tús curtha leis an bpróiseas don síneadh buan agus do na pleananna teagmhasacha le haghaidh 2024.
Is mian liom an bord a thabhairt cothrom le dáta faoin léas leis an bPríomhoifig anseo i nGeata Thuain, de réir mar atá an eagraíocht ag teacht chun cinn. Tugadh faomhadh ag cruinniú roimhe

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie



seo chun imscrúdú a dhéanamh ar an gcúigiú hurlár a fháil ar cíos chun freastal ar an bhfoireann. Toisc go mbeidh na léasanna do na hurláir atá againn faoi láthair ag dul in éag i mblianta éagsúla, d'iarramar comhairle ar ghníomhaire tráchtála agus ar rannán dlí na Roinne Oideachais. Tá sé beartaithe againn gach léas a chomhdhlúthú in aon léas amháin ar feadh thréimhse 10 mbliana le clásal scoir cúig bliana. Tabharfaidh sé sin cobhsaíocht agus slándáil níos fearr don eagraíocht. Chomh maith leis sin, rinneadh measúnú airgeadais ar Phríomhthéarmaí Comhaontaithe na Léasanna agus chuireamar na sonraí agus na doiciméid go léir faoi bhráid na Roinne Oideachais.

**Na Stiúrthóirí Scoileanna**

D'éirigh go han-mhaith le Suíomhanna Cúraim Speisialta Bhaile Uí Dhúda agus Chrannóg Nua sna cigireachtaí ábhair sa Mhatamaitic agus sa Bhéarla, faoi seach.
D'éirigh go han-mhaith le scoil Champas Bhaile an Oibricigh sa chigireacht Bhéarla agus i gcigireacht theagmhasach ghearr a rinneadh ar an scoil uile.
Tionólfar ceardlann do na trí shuíomh ar an 21 Márta, chun a n-eispéiris, a nósanna imeachta agus a dtorthaí a roinnt. Ba iad na cigireachtaí thuas na chéad chigireachtaí faoi shamhail nua cigireachta le haghaidh suíomhanna foghlama malartacha.
Tá cruinnithe le Príomhoidí agus pobail chleachtais fós á n-éascú ag na Stiúrthóirí Scoileanna inár scoileanna uile, mar aon le hoifigigh tacaíochta BOOÁCDL sna réimsí RSO, DEIS agus Ceannaireachta.

**<u>Seirbhísí don Óige</u>**

**Music Generation Fhine Gall**
Díríonn Clár Music Generation Fhine Gall ar rochtain a fhorbairt do leanaí agus do dhaoine óga faoi mhíbhuntáiste i gceantair shainaitheanta ar fud an chontae ina ndearnadh saincheisteanna agus dúshláin a bhaineann le míbhuntáiste a shainaithint inár dtaighde.
Le linn na chéad trí bliana dár gclár, dírítear ar shraith de ghnéithe cláir a fhorbairt a chuireann le caidreamh gníomhach, rannpháirtíocht agus rochtain daoine óga idir 12 agus 18 mbliana d'aois. Mar chuid dár bhforbairt agus seachadadh clár, uasmhéadófar na naisc leis an tseirbhís óige, leis an tseirbhís ealaíon agus leis an soláthar seirbhíse oideachais ceoil atá ann cheana féin. Mar chuid den obair sin, beidh sé mar bhunphrionsabal lárnach againn a chinntiú go bhfuil croíchuspóirí na mbeartas náisiúnta do leanaí agus daoine óga, an clár Music Generation, beartais chontae-bhunaithe agus beartais BOO le haghaidh daoine óga á gcomhlíonadh againn.

Bunaíodh moil nua Cheoil i Sord, i mBaile Brigín agus i mBaile Bhlainséir chun aghaidh a thabhairt ar mheasúnú riachtanas sna ceantair sin mar atá leagtha amach sa chreatphlean. Chomh maith leis sin, áirítear an méid seo a leanas sa Chlár atá le seachadadh;

- Tá an Clár Rhapsody modhnaithe le haghaidh rannpháirtithe CFM BÁCDL

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

ddletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

- Cuirfear Clár Aosach san áireamh leis an bhforbairt bhreise ar an gclár pobail riachtanas speisialta le haghaidh 'Remember Us'
- Tá Clár Taifeadta agus Léiriúcháin na hIdirbhliana le cur ar fáil do rannpháirtithe in ionaid choinneála, chomh maith le 6 Choláiste Pobail agus Phobalscoil.

## Meastóireacht ar an Scoil Uile – Coláiste Pobail Lusca

Bhain Coláiste Pobail Lusca toradh an-dearfach amach sa Mheastóireacht ar an Scoil Uile, agus rinneadh go leor moltaí a bhí ina ndíol suntais. Moladh amháin díobh ná an 'ardleibhéal tacaíochta ó BOOÁCDL do bhainistíocht agus do mhúinteoirí Choláiste Pobail Lusca'. Is mian linn buíochas a ghabháil le foireann bainistíochta agus le múinteoirí Choláiste Pobail Lusca, chomh maith leis an gCumann Tuismitheoirí. Buíochas ar leith le Ken, Colm agus Paul, ár nIonadaithe Boird BOO, a thug an-tacaíocht don scoil le linn na cigireachta.

## Oiliúint um Chosaint Leanaí

Táimid fós ag díriú ar oiliúint um Chosaint Leanaí. Tar éis oiliúint a chur ar Phríomhoidí, Leas-Phríomhoidí agus Boird Bhainistíochta i mbliana, tá an oiliúint á cur ar fáil do Threoirchomhairleoirí agus do Chomhordaitheoirí OSPS anois.

Dé Céadaoin an 1 Feabhra, ghlac Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí Iar-Bhunscoile páirt in ionchur ó Tusla maidir le hábhair imní faoi chosaint leanaí a thuairisciú, ionchur ón nGarda Síochána maidir le hábhair imní reatha faoi shábháilteacht ar líne agus cosaint leanaí, agus ionchur ó Webwise maidir le hacmhainní chun tacú le hoideachas i sábháilteacht ar líne.

### REALT

Tá Áine Ivers ceaptha mar Chomhordaitheoir nua REALT le haghaidh BOOÁCDL. Is mian liom buíochas a ghabháil le Bernie MacLaughlin as a cuid oibre tiomanta den scoth don phost REALT. Bhí ról lárnach aici i gcruthú agus i bhforbairt phróifíl an róil ar fud BOOÁCDL agus i measc na bPáirtithe Leasmhara go léir.

### Conairí chuig do Thodhchaí

Reáchtáladh ócáid iontach um thaispeáint gairmeacha i gColáiste Pobail Ráth Dara ar an 24 Feabhra 2023 ó 2-4 i.n. Seisiúin chomhrá ghasta a bhí san ócáid, Conairí chuig do Thodhchaí. Tugadh 3 nóiméad do gach péire mac léinn chun labhairt le daoine a bhí ag déanamh ionadaíocht ar ghairmeacha éagsúla. Léiriú ar an luach atá ag an bpobal a bhí san ócáid, ós rud é gur iar-mhic léinn Choláiste Pobail Ráth Dara a bhí in os cionn leath de na rannpháirtithe, agus fostóirí áitiúla a bhí sa chuid eile.

**Tuarascáil an Stiúrthóra Breisoideachais agus Oiliúna**

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

ddletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

Bhí cruinniú pleanála ag foireann bainistíochta BOO an 24ú Feabhra 2023, a mhair an lá ar fad. Cruinniú thar a bheith dearfach a bhí ann a bhí dírithe ar chur chuige a chomhaontú maidir le Coláistí BOO a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar fud réigiún mór BOOÁCDL.
Beidh na chéad Ghradaim BOO don tSármhaitheas ar siúl ar #ETBDay (lá BOO), Déardaoin an 2ú Márta 2023 agus tá 4 thionscnamh BOO de chuid BOOÁCDL ar an ngearrliosta do Ghradaim BOO don tSármhaitheas mar chuid de Sheachtain BOO.  Áirítear orthu sin gradam 'Laoch' na foirne BOO, agus an gradam Sármhaitheas sa Bhreisoideachas agus san Oiliúint as tionscnamh campais ghlais. Cuireadh dhá fhíseán foirne ar an ngearrliosta le haghaidh gradaim freisin, ina measc físeán ó bhall foirne in Ionad Oiliúna Bhaile Dúill agus ceann eile ó bhall foirne in Ionad Oiliúna Pobail Bhaile Bhlainséir.

## 5.1 Tuarascáil Airgeadais Tugtha ar Aird

**BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA ÁTHA CLIATH AGUS DHÚN LAOGHAIRE**
**TUARASCÁIL AIRGEADAIS - AN BHLIAIN GO DTÍ EANÁIR 2023**

| | Clár | Airgead Deontais Tosaigh Iarmhéid | Fáltais | Íocaíochtaí | Airgead Deontais Deiridh Iarmhéid |
|---|---|---|---|---|---|
| | | 1 Eanáir 2023 | | | 31 Eanáir 2023 |
| IOMLÁN AN PHÁ PRÍOMHSCÉIME | | (1,739,341) | (21,360,929) | 13,305,659 | (9,794,611) |
| IOMLÁN AN NEAMHPHÁ PRÍOMHSCÉIME | | (6,650,367) | (1,438,559) | 2,300,041 | (5,788,885) |
| AN tIOMLÁN A BHAINEANN LEIS AN bPRÍOMHSCÉIM | | (6,958,103) | (5,262) | 505,576 | (6,457,789) |
| IOMLÁN NA mBUNSCOILEANNA | | (1,637,223) | (494,261) | 288,999 | (1,842,485) |
| IOMLÁN AN CHAIPITIL | | (9,009,409) | (876,042) | 1,930,110 | (7,955,341) |
| IOMLÁN NA nDEONTAS TRÍÚ LEIBHÉAL | | (171,666) | - | - | (171,666) |
| IOMLÁN AN BHREISOIDEACHAIS & OILIÚNA | | (2,638,614) | (12,671,378) | 8,866,263 | (6,443,729) |
| IOMLÁN NA SEIRBHÍSÍ ÓIGE | | (1,881,655) | (119,735) | 995,863 | (1,005,527) |
| IOMLÁN NA nGNÍOMHAIREACHTAÍ | | (1,196,354) | (1,501,227) | 562,636 | (2,134,945) |
| IOMLÁN AN FHÉINMHAOINITHE | | (8,756,767) | (427,381) | 667,739 | (8,516,409) |
| Iarmhéid Bainc | | (40,639,499) | (38,894,774) | 29,422,886 | (50,111,387) |
| | Bhí iarmhéid de thart ar €50m sa chuntas bainc ag BOOÁCDL ag deireadh mhí Eanáir. | | | | |
| | Tá na Deontais bhreise seo a leanas faighte ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus ó SOLAS go dtí seo chun caiteachas a bhaineann le COVID-19 a chlúdach. Áirítear na deontais sin sa Phríomhscéim Ghaolmhar, Bunscoil, Caipiteal agus Breisoideachas agus Oiliúint sa tábla thuas. | | | | |
| | | Iarmhéid Tosaigh | Fáltais | Íocaíochtaí | Iarmhéid Deiridh |
| PS Gaolmhar | DEONTAS LE hAGHAIDH DHÍGHALRÁN AGUS TCP COVID-19 | (704,028) | - | 69,655 | (634,373) |

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

ddletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Bunscoileanna | DEONTAS LE hAGHAIDH DHÍGHALRÁN AGUS TCP COVID-19 | (126,236) | | - | | 19,350 | | (106,886) |
| Caipiteal | DEONTAS I LEITH MHIONOIBREACHA COVID 19 | (429,117) | | - | | 9,110 | | (420,007) |
| Breisoideachas agus Oiliúint | Forchostais COVID-19 | (69,282) | | - | | 13,734 | | (55,548) |

**5.2 Tuarascáil ar na Foirgnimh – Tugtha ar Aird**

Chuir Treacy Byrne, Oifigeach na bhFoirgneamh, an tuarascáil foirgneamh i láthair do na comhaltaí agus phléigh sí leis na ceisteanna a ardaíodh. Cuireadh in iúl don bhord go raibh sé beartaithe gach léas a chomhdhlúthú le haghaidh fhoirgneamh na ceannoifige. Cuirfear an léas faoi bhráid an Bhoird lá is faide anonn.

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl don Bhord gur scríobh an feidhmeannas chuig an Roinn maidir le saincheisteanna a d'ardaigh an Bord i ndáil leis an suíomh ag PSN an Mhóinéir Leathain, atá á úsáid mar chóiríocht do scoil eile, agus d'iarr sé cruinniú maidir leis sin. Iarrfaidh an feidhmeannas sceideal don síneadh pleanáilte ag CP Chaisleán Cnucha agus dhearbhaigh sé gur tosaíocht é sin.

***Cruinniú BOOÁCDL Feabhra 2023 Tuarascáil ar an gClár Caipitil &* Tógála**

*Mórthionscadail Chaipitil 2023*

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

ddletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

| **Ainm & Seoladh an Tionscadail.** | **Achar.** | **Stádas/Nuashonrú Tionscadail.** |
|---|---|---|
| Coláiste Pobail Bhaile Brigín, Iomaire na Giúise, Sráid an tSéipéil, Baile Brigín. | Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh<br>Limistéar Chomhairle Contae Fhine Gall | Eisíodh treoir chéim 3 chun dul ar aghaidh chuig an gcéim tairisceana chun conraitheoir tógála a cheapadh. Á bhainistiú faoi láthair ag KSNPM agus Foirgnimh. |
| Coláiste Pobail Ard Giolláin, Fearann an Chaisleáin, Baile Brigín, Co. Bhaile Átha Cliath. | Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh<br>Limistéar Chomhairle Contae Fhine Gall | Tá an tAistriú Oifigiúil déanta. Osclaíodh foirgneamh Chéim a hAon d'fhoireann agus do mhic léinn ar an 20 Feabhra. Cóiríocht shealadach á bogadh. |
| Coláiste Pobail Leamhcáin, Céide na hEascrach, Leamhcán. | Baile Átha Cliath Thiar Theas<br>Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas. | Pleanáil Athbhreithnithe faighte. Doiciméid tairisceana á n-ullmhú ag an bhFoireann Deartha. Ardú Táille leis an Roinn Oideachais le hathbhreithniú/ceadú. Tá coinne leis go gcuirfear an glao ar thairiscintí amach i mí an Mhárta 2023. |
| Coláiste Chilliain, 96-116 Seanbhóthar Nangair, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22. | Baile Átha Cliath Thiar Theas,<br>Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas. | Tá an tionscadal seo á bhainistiú ag an Roinn Oideachais. Nuashonrú á iarraidh. Táthar ag céim luath de cheapachán an chonraitheora. |
| GS Reachrann,<br>Bóthar Grange Abbey, Baile Átha Cliath 13. | Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh | Céim a Trí. Tá na Doiciméid Tairisceana beagnach ullamh chun na príomhchonraitheoirí tógála a fhostú. Iarratas pleanála curtha isteach arís. Bainisteoirí tionscadail tiomnaithe KSNPM. |
| Páirc Bhaile Choilín, Rualach, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22. | Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas. | Svuít RSO faofa ag an Roinn Oideachais, Conraitheoir ceaptha. Ar an Láthair faoi láthair. |
| Oibreacha Samhraidh 2023 | | |

| | | |
|---|---|---|
| Coláiste Pobail Chaoimhín | | Saotharlanna Eolaíochta a athfheistiú, Comhairleoir ceaptha. Conraitheoir ceaptha. Oibreacha le tosú le linn shos an tsamhraidh. |
| Coláiste Cois Life | | Athfheistiú a dhéanamh ar 3 sheomra eolaíochta. Comhairleoir ceaptha. Conraitheoir ceaptha. Oibreacha le tosú le linn shos an tsamhraidh. |
| Coláiste Pobail Ráth Dara, Baile Bhlainséir. | Díon a chur ar Scoil Speisialta Pobail Danu | Tairiscint le seoladh go gairid le haghaidh conraitheora. Ag feitheamh le ceadú ón Roinn Oideachais chun tairiscint a sheoladh. Tuilleadh eolais ar chostálacha a d'iarr an Roinn Oideachais. |
| TIONSCADAIL UM CHÓIRÍOCHT SHEALADACH ar an láthair 2023 | | |
| Ainm & Seoladh an Tionscadail. | Limistéar | Stádas/Nuashonrú Tionscadail. |
| Coláiste Pobail na Sceirí | Limistéar Chomhairle Contae Fhine Gall | Bainisteoirí tionscadail KSNPM, Trí sheomra ranga ginearálta. Eacnamaíocht Bhaile agus Seomra Ranga Ealaíne. Foireann deartha le faomhadh agus le ceapadh. |
| P.S.N. an Mhóinéir Leathain | Sord, Comhairle Contae Fhine Gall. | Teiripeoir Urlabhra agus Teanga ag athbhreithniú riachtanais na ndaltaí. Iarratas ar 2 Sheomra Ranga curtha faoi bhráid na Roinne Oideachais. Ag fanacht le faomhadh. |
| Coláiste Pobail na Gráinsí & Gaelcholáiste Reachrann | Bóthar Mhainistir na Gráinsí, Domhnach Míde. | An tionscadal á bhainistiú ag KSNPM. 3 Sheomra Ranga, 1 Seomra d'Eacnamaíocht Bhaile. Ordú taisc 2, conraitheoir ar an láthair. |
| Coláiste Pobail Bhaile Brigín | Tuaisceart an Chontae, CC Fhine Gall. | Seomra ranga amháin (1) agus seomra Eacnamaíocht Bhaile amháin (1). Athbhreithniú deiridh Beagnach Críochnaithe. |
| Coláiste Pobail an Ghrífín/Tionscadal a dó. | | 9 seomra ranga ghinearálta, 1 seomra do Mhúineadh Oideachais Speisialta (SET), |

| | | |
|---|---|---|
| | | seomra staidéir foirgníochta, agus seomra foirne.<br>Ar an láthair, Conraitheoir ar an láthair agus an tionscadal á bhainistiú ag KSNPM, le críochnú i mí an Mhárta 2023. |

*Réadmhaoin: Feabhra 2023*.

| ***Réadmhaoin*** | ***Nuashonrú*** | ***Stádas*** |
|---|---|---|
| Ionad Baile Dhún Droma, Aonad 2. | Léas imithe in éag ó 2017 | Tá sé seo curtha ar aghaidh chuig ár nAturnaetha nua, O Flynn's, anois agus tá teagmháil déanta acu le Tiarna Talún in Ionad Baile Dhún Droma. |
| Teach Manguan, Maigh Eo | Ní mór tailte a aistriú ar ais chuig BOOÁCDL. An réadmhaoin fós faoi árachas ag BOOÁCDL. | Seoladh litir dlí chuig an t-aturnae roimhe seo maidir le cistí a chúiteamh.<br>Chomh maith leis sin, tá litir dlí le cur chuig an Iontaobhaí maidir leis talamh a shíniú ar ais chuig BOOÁCDL. |
| Halla Spóirt Dhomhnach Bat agus Páirc imeartha uile aimsire. | Níl aon chomhaontú foirmiúil ann os cionn 10 mbliana d'aois ar ár gcuid úsáide. Tá an cíos atá á ghearradh ar an halla ró-ard. Todhchaí na páirce imeartha le cinneadh. | Léas i bhfeidhm le FCC.<br>Tástáil oifigiúil déanta ar an bPáirc. |
| Doiciméad Beartais: Idirbhearta talún in BOOBÁC. | Á gcur le chéile lenár n-aturnae. Léas Faisnéise/Ceadúnas/MOU/Pátrúnacht/SLA/campas roinnte/Socruithe grúpaí úsáideoirí tríú páirtí. | Le bheith réidh faoi dheireadh mhí an Mhárta 2023. |
| Eile: Cothabháil Choisctheach Phleanáilte Mheicniúil<br>Tairiscint díreach tugtha chun críche.<br>Tairiscint dín ar siúl faoi láthair. | | |

**5.3 Nuashonruithe ar Phróifílí na Foirne – Tugtha ar Aird**
Ceapacháin & Arduithe Céime

**5.4 Clár Rioscaí: Tugtha ar aird**

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

ddletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

6. **Ábhair arna gCur faoi Bhráid ag an mBord**
   Ar aon dul le Buanorduithe

   Logchuntas gníomhartha

7. **An chéad chruinniú eile: 27 Márta, 2023.**